Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Gairdín na Scoile a Ullmhú Do Laethanta Saoire an tSamhraidh

• SUITABLE FOR 6TH CLASS • RANG 6 •

6

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

**Tráth na Bliana** | Meitheamh go Meán Fómhair

**Aidhm** | Garraí glasraí na scoile a ullmhú do laethanta saoire an tsamhraidh.

**Acmhainní de dhíth** | Aoileach glas cosúil le ruán (Fagopyrum esculentum), seamair chorcairdhearg (Trifolium incarnatum), bileoga cairtchláir, aoileach atá lofa go maith nó múirín gairdín, brící nó clocha, síolta mion lus na gréine, bliantóga mar lus buí, cosmas, sinní, calaindí, clarkia , candytuft, croíopsis.

**Ábharthacht Thraschuraclaim** | **OSIE:** Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil
**OSPS:** Ag forbairt saoránachta
**Corpoideachas:** Gníomhaíocht fhisiciúil, comhar, comhordú
**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Próiseas Aimsithe Eolaíocht Bunscoile

# Próiseas:

1. Rácáil na ceapóga atá fágtha folamh ó ghlasraí agus bain aon fiailí atá tar éis fás.
2. Cuir mion lus na gréine 2.5cm ar doimhneacht i bpotaí 10cm de mhúirín saor ó mhóin ar leac fuinneoige grianmhar go déanach i mí Bealtaine. Nuair a bhíonn siad thart ar 5cm ar airde cruaigh iad amuigh faoin aer i bhfoscadh. Déan trasphlandú 30cm óna chéile go dtí ceapóg fholamh ó ghlasraí ar deireadh mhí an Mheithimh atá saibhrithe le múirín nó aoileach atá lofa go maith. Cuirfidh siad fiailí faoi chois agus meallfaidh siad beacha. Bain na síolta san fhómhar leis na éin a chothú i rith an gheimhridh.
3. Cuir síolta aon cheann de na bliantóga a luaitear sa rannán acmhainní. Lean na treoracha ar na paicéid. Cuirfidh siad seo fiailí faoi chois freisin agus meallfaidh siad pailneoirí.
4. Cuir aoileach glas i gceapóg nó dhó eile. Lean na treoracha ar an bpaicéad. Cuirfidh sé seo fiailí faoi chois agus saibhreoidh sé an ithir.
5. Má tá ceapóga ardaithe fós folamh cuir sraith 5cm d'aoileach atá lofa go maith nó múirín gairdín ar gach ceapóg. Clúdaigh le bileoga cairtchláir. Cuir cosc orthu seo ó shéideadh trí brící nó clocha a chur orthu chun iad a choinneáil in áit. Tarraingeoidh péisteanna talún an t-ábhar orgánach anuas ag saibhriú agus ag aerú na hithreach sa phróiseas.
6. D'fhéadfadh roinnt tuismitheoirí sásta aire a thabhairt do na ceapóga ó am go chéile i rith an tsamhraidh. Mar shampla, má tharlaíonn tréimhse an-tirim, d'fhéadfaidís lusanna na gréine, an t-aoileach glas agus na bliantóga agus na bláthanna feoite a uisciú. Má tá feighlí ag an scoil, ba chóir é/í a chur san áireamh san obair gharraíodóireachta ar fad. D'áireodh sé seo a bheith curtha ar an eolas faoi phlean garraíodóireachta an tsamhraidh le go bhféadfadh sé/sí cabhrú lena chur i bhfeidhm.

## Sláinte agus Sábháilteacht

* Ba chóir sraith bhuan de rialacháin shláinte agus shábháilteachta maidir le hobair shábháilte sa ghairdín a chur suas in áit fheiceálach le go bhfeicfeadh gach duine é.
* Ba cheart go n-áireofaí sna rialacháin seo úsáid a bhaint as uirlisí go sábháilte agus gan úsáid a bhaint as lotnaidicídí, múiscnimheanna agus luibhicídí.